dá dtagraítear i bpointe 5.1.1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint, arna leasú le Treoir 2013/55/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013, ach nach bhfuil an deimhniú dá dtagraítear ann, gur críochnaíodh tréimhse oiliúna gairmiúla bliana a éilíonn an Ballstát baile mar choinníoll breise do cháilíochtaí gairmiúla.

(1) IO C 44 08.02.2021

---

**Breithiúnas na Cúirte (séú dlísheomra) an 10 Márta 2022 – An Coimisiún Eorpach v Ríocht na Beilge**

**(Cás C-60/21)** (1)

***(Mainneachtain Stáit – Airteagal 45 CFAE – Airteagal 28 den Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch – Saorghluaiseacht oibrithe – Cánachas díreach – Cáin ioncaim – Asbhaintí – Íocaíochtaí cothabhála – Cóir chomhionann – Idirdhealú idir cáiníocóirí cónaitheacha agus neamhchónaitheacha)***

(2022/C 171/17)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaí: W. Roels agus V. Uher, gníomhairí)

*Cosantóir:* Ríocht na Beilge (ionadaí: C. Pochet, P. Cottin agus S. Baeyens, gníomhairí)

**An chuid oibríochtúil den bhreithiúnas**

1) Trí dhiúltú d'asbhaint íocaíochtaí cothabhála nó caipiteal in ionad íocaíochtaí den sórt sin agus íocaíochtaí breise ó ioncam inchánach d'fhéichiúnaithe neamhchónaitheacha sa Bheilg atá ag fáil níos lú ná 75 % dá n-ioncam gairmiúil ansin agus nach bhfuil in ann leas a bhaint as an asbhaint chéanna ina mBallstát cónaithe mar gheall ar mhéid íseal a n-ioncam inchánach sa Stát sin, mhainnigh Ríocht na Beilge a cuid oibleagáidí faoi Airteagal 45 CFAE agus faoi Airteagal 28 den Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch an 2 Bealtaine 1992.

2) Ordaítear do Ríocht na Beilge na costais a íoc.

(1) IO C 98 an 22.03.2021

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Deichiú Dlísheomra) an 10 Márta 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Landgericht Saarbrücken – an Ghearmáin) — Maxxus Group GmbH & Co. KG v Globus Holding GmbH & Co. KG**

**(Cás C-183/21)** (1)

***(Tarchur chun réamhrialú – Dlíthe a chomhfhogasú – Trádmharcanna – Treoir (AE) 2015/2436 – Airteagal 19 – Fíorúsáid a bhaint as trádmharc – Dualgas cruthúnais – Iarratas ar chúlghairm toisc nach n-úsáidtear an trádmharc sin – Riail nós imeachta náisiúnta lena gceanglaítear ar an gcosantóir taighde margaidh a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as)***

(2022/C 171/18)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Landgericht Saarbrücken

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Maxxus Group GmbH & Co. KG

*Cosantóir:* Globus Holding GmbH & Co. KG

**An chuid oibríochtúil**

Ní mór Airteagal 19 de Threoir (AE) 2015/2436 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2015 maidir le dlíthe na mBallstát a bhaineann le trádmharcanna a chomhfhogasú a léirmhíniú amhail go gcuirtear cosc leis ar riail nós imeachta de chuid Ballstáit lena gceanglaítear ar an gcosantóir taighde margaidh a dhéanamh ar an úsáid a d'fhéadfadh dílseánach a bhaint as trádmharc in imeachtaí maidir le hiarratas ar chúlghairm toisc nach n-úsáidtear an trádmharc sin, chomh maith le haighneachtaí lena bhfuil bunús a thíolacadh chuige sin a mhéid is féidir chun tacú lena iarratas.

([1]) IO C 228, 14.06.2021.

**Iarraidh ar réamhrialú ó Juzgado de Primera Instancia de Fuengirola(an Spáinn) a taisceadh an 24 Nollag 2021- NM v Club La Costa (UK) PLC, sucursal en España, CLC Resort Management LTD, Midmark 2 LTD, CLC Resort Development LTD and European Resorts & Hotels, S.L.**

**(Cás C-821/21)**

(2022/C 171/19)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

**Iarraidh ar réamhrialú ón Audiencia Provincial de Málaga (an Spáinn) a taisceadh an 17 Eanáir 2022 – CAJASUR Banco S.A. v JO agus IM**

**(Cás C-35/22)**

(2022/C 171/20)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Audiencia Provincial de Málaga

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* CAJASUR Banco S.A.

*Cosantóirí:* JO agus IM

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

1. An bhfuil sé i gcontrárthacht leis an gceart chun cosanta dlí éifeachtaí agus le hAirteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh go n-gceanglófaí ar an tomhaltóir, sula dtionscnófaí imeachtaí breithiúnacha, go mbeadh éileamh íocaíochta seachbhreithiúnaigh déanta aige roimh ré ionas go dtionscnófaí, leis an dearbhú neamhnithe maidir le coinníoll ginearálta éagórach áirithe den chonradh, na hiarmhairtí cúiteacha uile (lena n-áirítear costais na n-imeachtaí breithiúnacha) a bhaineann leis an éagóir sin, de bhun Airteagal 6(1) de Threoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóirí ([1])?

2. An bhfuil sé i gcomhoiriúnacht leis an gceart chun lánchúiteamh agus éifeachtacht dhlí an Aontais agus le hAirteagal 6 (1) den Treoir thuasluaite go socrófaí critéir um fhorchur costais (lena n-áirítear táillí dlí) ag brath ar réamhéileamh íocaíochta seachbhreithiúnaigh a bheith déanta ag an tomhaltóir ar an eintiteas airgeadais chun críocha bhaint an chlásail sin?

([1]) IO 1993, L 95, lch. 29